

Ar Aistear an Chreidimh



2013 – 2020

**Moltaí i dtaobh Chothú agus
Fhorbairt ár gCreideamh Chaitlicigh
in Ard-Deoise Thuama**

A Phobail Dilís Dé

Dia is Muire dhaoibh go léir,

Aimsir dhúshlánach is corraítheach is ea seo don Eaglais. Mar fhreagra ar shaol an lae inniu agus na dálaí ina bhfulimid faoi láthair, tá próiseas athstruchtúrtha agus athordaithe curtha ar bun in Ard-Deoise Thuama le roinnt blianta anuas chun féachaint chuige go dtiocfaidh borradh is fás orainn, mar phobal creidimh, amach anseo.

B'éigean don Eaglais í féin a athmhúnlú ag pointí áirithe ina saol fada chun dul i ngleic le dúshlán éagsúla na laetha sin. Ní rud furasta riamh é athrú, ach de réir mar a thugaimid aghaidh ar dhúshlán na linne seo, tá sé tábhachtach go ndéanaimid ar bhealach cruthaitheach, dearfach agus samhlaíoch é. Creidim, mar Ard-Easpag, go bhfuil an méid seo indéanta le cuidiú na mbaistíoch dílis uile, na ndaoine rialta agus na sagart, agus gan dearmad a dhéanamh choíche ar ghealltanais Chríost a bheith in éineacht lena Eaglais i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil. Ní ábhar eagla ná lagmhisnigh dúinn é dá bhrí sin.

Bhraith muid go mór ar strúchtúr an pharóiste go dtí seo, agus d'fhóin sé go maith dúinn. Ach anois agus muid ag iarraidh freastal ar shochoaí atá ag athrú go sciobtha, tá struchtúir de dhíth orainn a chuideoidh linn dul i ngleic leis na hathruithe seo agus a chinntiú go mbeidh soiscéal Chríost ar fáil agus ábhartha dár bpobal uile.

Ábhar Dóchais

D'ainneoin na ndúshlán ollmhór atá romhainn, tá fuinneamh agus díograis úr le brath inár gcuid paróistí arís le blianta beaga anuas. Ní raibh riamh an oiread seo tuataí gníomhach agus sásta a bheith páirteach i misean na hEaglaise ina ndúichí féin. Is ábhar mór dóchais iad uile na Comhairlí Tréadacha, Foirne Baistí, Foirne um Thacaíocht Meala, Grúpaí Liotúirge, Clubanna Óige agus rannpháirteachas na dtuismitheoirí in ullmhúchán a bpáistí do na sacraimintí, i measc an iliomad ministreachtaí agus eagraíochtaí eile a bhaineann leis an eaglais.

Tá na comhairlí tréadacha fíor-thábhachtach i súile na hArd-Deoise agus is léir sin ón sagart amháin atá ainmnithe sa deoise le bheith ag plé go lánaimseartha le comhairlí tréadacha; le cuidiú lena mbunú agus chun oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil dóibh. Tá an deoise tiomanta do Dhuine Liotúirge agus Stiúrthóir Óige a fhostú ar feadh dhá bhliain: oibríonn an duine liotúirge mar acmhainn do pharóistí agus grúpaí liotúirge chun cur leis an gcaoi a ndéanann muid ár gcreideamh a cheiliúradh sa liotúirge; agus déanann an stiúrthóir óige imeachtaí don óige a eagrú agus tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí óige ar fud na deoise – Gradaim an Phápa Eoin Pól II, Tionscadail na hIdirbhliana agus Cór Óige na Deoise ina measc. Tá Cúrsa i Ministreachtaí don Óige ar bun chomh maith chun oiliúint a chur ar dhaoine óga, agus tá muid ag súil go dtiocfaidh ceannairí óige chun cinn uaidh seo.

Tá Comhairle Tréadach na Deoise, trí na fo-choistí éagsúla a fheidhmíonn faoina scáth, ag freastal agus ag tacú le grúpaí éagsúla atá ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna éagsúla atá tagtha chun cinn mar thosaíochtaí san Ard-Deoise.

Ar Aistear an Chreidimh le Chéile

Tá 70 sagart ag freastal go gníomhach ar an Ard-Deoise faoi láthair. Meastar go mbeidh 50 sagart ar a mhéid le freastal ar an 55 paróiste atá sa deoise faoin mbliain 2020. Ciallaíonn sé seo go mbeidh roinnt paróistí fágtha gan sagart cónaitheach. Ní mór dúinn pleananna agus ullmhúcháin a dhéanamh anois do na dálaí seo. Tá grúpa oibre ceaptha agam, ina bhfuil an tAth. Dermot Moloney, an tAth. Tod Nolan, an tAth. Pat Farragher agus an tAth. Charlie McDonnell, chun moltaí a dhéanamh faoin mbealach is fearr a d'fhéadfaí freastal ar pharóistí na deoise sa todhcháí úr seo. Bhí an grúpa céanna seo páirteach in ullmhú na chéad cháipéise in 2009 agus b'iadsan a chuir i bhfeidhm í. Tá an deoise go mór faoina gcomaoin. Táim fíor-bhuíoch díobh as a léargas, a bhfuinneamh, agus a ndíograis; as a gcuid oibre bheacht agus as an bhfor-bhreathnú a thug siad ar an deoise.

Ag eascairt as an bpróiseas fairsing comhairliúcháin a thug siad faoi chun an tuairisc seo a ullmhú – próiseas a chur fáilte roimh mholtaí ó gach Comhairle Tréadach sa deoise – tá tuairisc curtha faoi mo bhráid anois ag an ngrúpa oibre a leagann amach an chaoi is fearr a d'fhéadfaí an creideamh a chothú agus freastal ar pharóistí amach anseo. Bhí cruinnithe ag an ngrúpa oibre le sagairt san Ard-Deoise chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann grúpáil na bparóistí i bhfeidhm ar a gcuid ministreachta agus chun fáil amach cén tacaíochtaí a bheadh de dhíth orthu mar shagairt agus mar pharóistí araon le linn don phróiseas seo a bheith ag dul ar aghaidh amach anseo.

Tá súil agam go dtabharfaidh an tuairisc seo treoir dúinn ar an gcaoi is féidir linn uile mar Ard-Deoise dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn agus muid ag tabhairt aghaidh ar an todhcháí.

Le gach dea-ghuí agus beannacht,

Is mise, le meas

Micheál Ó Néaraí

+Mícheál Ó Néaraí,

Ard-Easpag Thuama.

Tuairisc Ghrúpa Oibre na Deoise i dtreo 2020 – Moltaí i dtaobh Chothú agus Fhorbairt ár gCreidimh Chaitlicigh

Tá an cos ar an tairseach againn, agus muid ar tí tabhairt faoin gcéad chéim eile d'ár n-aistear creidimh. Ní athraíonn Dea-Scéala Íosa Chríost choíche, ach le himeacht ama athraíonn an chaoi a ndéantar é a fhógairt, agus na struchtúir atá i bhfeidhm chun tacú leis an bhfógairt seo. Ach ag tús an ré úir seo i stair ár nDeoise, táimid lánchinnte go bhfuil Dia Uilechumhachtach lenár n-ais feadh na slí.

Tá súil againn go bhfeidhmeoidh na moltaí sa cháipéis seo mar chreat agus mar threoirleánte don bhealach is fearr chun Ríocht Dé a fhógairt inár ndeoise amach anseo. Is iomaí athrú a fheicfeadh sa deoise le linn ré an phlean seo, idir 2013-2020. Tá sé tábhachtach go dtógaimid ar an mbunsraith atá leagtha cheana féin, agus go dtugaimid aghaidh ar an todhchaí le dóchas agus le muinín go bhfuil Tiarna an Fhómhair linn inár saothar.

Tá dhá cheist mhóra le freagairt againn agus muid ag breathnú i dtreo 2020:

- 1. Céard iad na struchtúir nó na tacaíochtaí a chaithfeadh a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaighidh paróistí nach bhfuil sagart ina chónaí ann an cúram sacraimintiúil agus tréadach is fearr?**
- 2. Céard iad na grúpaí paróistí a d'fhéadfaí freastal orthu le líon níos lú sagart (.i. dhá pharóiste faoi chúram sagart amháin, trí pharóiste faoi chúram beirt sagart, ceithre pharóiste faoi chúram triúr sagart srl.)?**

Seo a leanas moltaí an ghrúpa oibre i dtaobh na gceisteanna seo, agus iad ag tógáil san áireamh taithí na dtrí bliana seo caite chomh maith le toradh na mbeart éagsúil comhairliúcháin a rinneadh go dtí seo:

Céard iad na struchtúir nó na tacaíochtaí a chaithfeadh a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaighidh paróistí nach bhfuil sagart ina chónaí ann an cúram sacraimintiúil agus tréadach is fearr?

Táimid ag aistriú ó mhúnla eaglaise amháin go múnla eile, ag fágáil córas compordach seanbhunaithe inár ndiaidh agus ag tabhairt faoi chóras úr a chur i bhfeidhm nach bhfuil taithí againn air. Ní aistriú éasca é seo do phobal an pharóiste atá i gceist, ná don sagart féin, a mbeidh breis cúramaí tréadacha air dá bharr. Beidh tacaíocht de dhíth ar an bparóiste agus ar an sagart araon agus an t-aistriú seo á dhéanamh acu.

Cé nach mbeidh sagart ina chónaí i ngach paróiste, beith Sagart Paróiste nó Riarthóir Paróiste ag gach paróiste a bheidh freagrach as cúram foriomlán tréadach agus sacraimintiúil an pharóiste sin.

Sa chás go mbeidh líon níos lú sagart ag freastal ar níos mó paróistí, beidh cúram tréadach agus sacraimintiúil na bparóistí uile sa ghrúpa roinnte idir na sagairt sin.

Ní thiocfaidh aon athrú ar stádas ná ar fhéiniúlacht aon pharóiste. Gheobhaidh gach uile paróiste an cúram tréadach agus sacraimintiúil is fearr, bíodh sagart ina chónaí ann nó ná bíodh.

Déanfar baistí, póstaí agus sochraidí, mar leis na príomhócáidí liotúirge ar nós an Chéad Chomaoinigh agus an Chóineartaithe a cheiliúradh sa séipéal áitiúil paróiste i gcónaí.

Tá an Rúnaí Paróiste ag éirí níos tábhachtaí i riaradh paróistí de réir mar a théann líon na sagart i laghad. I measc na gcúramaí a d'fhéadfaí a fhágáil faoin rúnaí tá: nuachtlitir an pharóiste a ullmhú, billí a íoc, taifead a choinneáil ar sheiceanna, cáipéisí a chomhdú, admhálacha a choinneáil, litreacha a chlósscríobh, iontrálacha a dhéanamh i gcláir an pharóiste, teastais a eisiúint, dátaí le haghaidh aifrinn, bainiseacha agus baistí a chur in áirithe agus a chlárú sa dhialann srl.

- ▶ Molaimid gur chóir don Deoise cúrsa feiliúnach do rúnaithe paróiste a eagrú faoi mhí Eanáir 2014.

Tá sé de dhuilgias ar gach uile baistíoch gairmeacha crábhaidh, idir an tsagartacht agus an bheatha rialta, a chothú agus a chur chun cinn. Ní mór dúinn, mar phobal creidimh, a bheith daingean diongbháilte inár dtiomantas do ghairmeacha crábhaidh a chur chun cinn.

Le bheith ullamh do na dálaí ina mbeidh muid amach anseo, ní mór tús áite a thabhairt d'oiliúint agus d'fhoirmiú Comhairlí Tréadacha agus Comhairlí Airgeadais i bparóistí ar bhonn leanúnach.

- ▶ Molaimid gur chóir oiliúint agus foirmiú cuí a chur ar gach Comhairle Airgeadais faoi cheann 12 mhí.

Cé nach ndúnfar aon séipéal, ní bheidh sé indéanta Aifreann a cheiliúradh i ngach séipéal nó ionad Aifrinn sa deoise gach deireadh seachtaine amach anseo.

Beidh sé riachtanach daoine le cáilíochtaí cuí a oiliúint agus a fhoirmiú chun ministreachtaí éagsúla eaglasta agus cláir ullmhúcháin do na sacraimintí a eagrú agus a réachtáil i ngrúpaí paróistí.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh Cnuasaigh breathnú isteach san fhéidearthacht oibrí tuata tréadchúraim a earcú mar chaiticeasmóir nó mar riarthóir na gclár eagsúil réamh-shacraiminte i bparóistí an Chnuasaigh.

An Deagánacht Bhuan a thabhairt isteach. D'fhéadfadh Deagánaigh Bhuna a bheith ina n-acmhainn do na paróistí uile i ngrúpa.

- ▶ Molaimid go ndéanfaidh an deoise cinneadh faoi thabhairt isteach an Deagánacht Bhuan faoi mhí Mheitheamh 2014.

Ba chóir dul i gcomhairle le deoisí eile nuair is gá maidir le comhoibriú idir paróistí atá ar an teorainn le deoisí eile.

- ▶ Molaimid go dtiocfaidh paróistí atá buailte le paróistí i ndeoisí eile le chéile, mar is cuí, faoi cheann 12 mhí chun aon fhéidearthachtaí comhoibrithe a phlé agus a dhéanamh foirmeálta.

Céard iad na grúpaí paróistí a d'fhéadfaí freastal orthu le líon níos lú sagart (.i. dhá pharóiste faoi chúram sagart amháin, trí pharóiste faoi chúram beirt sagart, ceithre pharóiste faoi chúram triúr sagart srl.)?

I ndiaidh fhoilseachán na cáipéise **Freastal sa Toghchán ar Pharóistí Ard-Deoise Thuama** sa bhliain 2009, rinneadh 55 paróiste na hArd-Deoise a ghrúpáil i 15 chnuasach i dtreo is go ndéanfaí acmhainní agus obair riaracháin a roinnt eatarthu agus chun oiliúint agus foirmiú a sholáthar. Bhí sé indéanta an t-am sin sagart cónaitheach a choinneáil i ngach paróiste. Ach ní hamhlaidh an scéal anois.

Leanfar ar aghaidh le grúpáil na bparóistí ina gcnusaigh. Tíocfaidh athruithe ar roinnt cnusaigh áfach de thoradh an phróisis seo inar aithníodh grúpaí paróistí a d'fhéadfaí freastal orthu le níos lú sagart.

Éireoidh sé níos coitianta de réir a chéile go mbeidh paróistí á ngrúpáil le chéile agus níos lú sagart ag freastal orthu. Ní mór grúpáil na bparóistí a dhéanamh go cúramach, agus ag cuimhneamh ar riachtanais na bparóistí uile atá i gceist, agus go háirithe riachtanais an pharóiste nach mbeidh sagart ina chónaí ann. Tá cúigear sagart ag obair i ministreachtaí speisialta faoi láthair, ach meastar go laghdófar sin go beirt faoin mbliain 2020.

Seo a leanas liosta na ngrúpaí paróistí a d'fhéadfaí freastal orthu le líon níos lú sagart. Braithimid go dtiocfaidh na hathruithe seo i bhfeidhm faoin mbliain 2020. I gcás paróistí eile atá faoi chúram sagart ar scor faoi láthair, d'fhéadfadh sé tarlú idir an dá linn nach dtiocfaidh sagart eile in áit an tsagairt sin nuair a éiríonn sé as a mhinstreacht. Cé is moite de na cásanna seo, táthar ag súil go mbeidh an líon céanna sagart agus atá ann faoi láthair ag freastal ar na paróistí nach bhfuil ainmnithe thíos go dtí an bhliain 2020.

Cé nach bhfuil sé ar ár gcumas clár beacht ama a leagadh amach do na hathruithe seo, táthar ag dréim leis go ndéanfar na paróistí seo a leanas a ghrúpáil ar an gcaoi a leanas sna blianta beaga amach romhainn:

Baile Liam – Gleann na Madadh:

Sagart amháin ag freastal ar dhá pharóiste.

Paróiste Thuama:

Beirt sagart seachas triúr ag freastal uirthi.

Cill Mhíona – Cathair na Mart:

Beirt sagart ina gcónaí i gCathair na Mart ag freastal ar an dá pharóiste.

Na Caológa – An Pháirc/ Cromghlinn:

Sagart amháin ag freastal ar dhá pharóiste.

Paróiste Chaisleán an Bharraigh:

Triúr sagart seachas ceathrar ag freastal uirthi.

Clár Chlainne Mhuiris – Cill Mhiáin – Crois Bhaoithín – Baile an Mhuilinn:

Triúr sagart ag freastal ar cheithre pharóiste.

An Creagán/Maigh Locha – Mionlach/An Sceachánach:

Sagart amháin ag freastal ar dhá pharóiste.

Tuaim – Cill Fhir Iarainn:

Beirt sagart ina gcónaí i dTuaim ag freastal ar an dá pharóiste.

Balla – Mainistir Mhaigh Eo:

Sagart amháin ag freastal ar dhá pharóiste.

Cill Mheáin – Baile an Róba – Lios na Maothaile – Partraí:

Triúr sagart ag freastal ar cheithre pharóiste.

Caisleán an Bharraigh – Oileán Éadaí:

Triúr sagart ina gcónaí i gCaisleán an Bharraigh ag freastal ar an dá pharóiste.

Cnoc Mhuire – Achadh Mór:

Beirt sagart ina gcónaí i gCnoc Mhuire ag freastal ar an dá pharóiste.


Nóta 1

De bharr a fhairsinge is atá a limistéar geografach agus a ghaire is atá siad le deoisí eile, níltear ag súil go mbeidh níos lú sagart ag freastal ar na cnuasaigh ina bhfuil an Clochán agus an Cheathrú Rua le linn na tréimhse pleanála seo.

Nóta 2

Na Paróistí Oileánda: Táthar ag súil go mbeidh na bearta a leanas i bhfeidhm le linn na tréimhse atá i gceist sa cháipéis seo, .i. 2013-2020

- ▶ Beidh sagart cónaithe ar Oileáin Árann i gcónaí
- ▶ Beidh cúram tréadach Chliara agus Inis Toirc faoi chúram an tsagairt ag freastal ar pharóiste Chluain Cearbán
- ▶ Beidh cúram tréadach Inis Bó Finne faoi chúram an tsagairt ag freastal ar pharóiste an Chlocháin



Conclúid

Agus muid ag breathnú ar an staid mar atá sé faoi láthair agus ar na dúshláin atá romhainn, ní mór muidne, cosúil leis na deisceabail i nGníomhartha na nAspal, an cheist a chur: “Cad atá le déanamh againn?” Céard ba chóir dúinn a dhéanamh chun dul in oiriúint do na dálaí tréadacha ina bhfuil muid faoi láthair?

Ní athraíonn Dea-Scéala Íosa Chríost choíche. Tá muid ag aithint bealaí nua le bheith gníomhach mar Eaglais agus chun Soiscéal Íosa Chríost a fhógairt. Cuimhnímid ar “an gcarraig as ar gearradh muid” (Ís. 51:1) agus tugaimid aghaidh ar an mbóthar romhainn lán le muinín i dtraidisiún an chreidimh a tugadh anuas dúinn ó na glúnta a d’imigh romhainn, ó dhaoine a sheas an fód go cróga i gcoinne dúshláin a linne féin.

Tá gach uile duine dár bpobal creidimh freagrach as an gcreideamh atá ina gcroí istigh a léiriú don saol amuigh, sa chaoi is go ndéanann siad Soiscéal Íosa Chríost a fhógairt don domhain trína ngníomhartha laethúla. Creidimid má tá na struchtúir chearta i bhfeidhm agus má dhéantar pleanáil chuí, go mbeidh borradh faoin Eaglais anseo go ceann i bhfad le cúnamh Dé.